

Busanna Scoile don Úcráin: Feachtas Dlúthpháirtíochta de chuid an Aontais

Ceisteanna coitianta

1. Is cuideachta príobháideach/seirbhís phoiblí mé agus ba mhaith liom busanna a thairiscint don Úcráin. Cé leis ar féidir liom dul i dteagmháil?

Go raibh maith agat as spéis a léiriú san fheachtas seo. Tá busanna scoile ríthábhachtach chun tacú le rochtain ar oideachas do leanaí de chuid na hÚcráine. Tá an [Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha](#) (ERCC) sa Choimisiún Eorpach ag obair go dlúth leis na húdaráis san Úcráin agus tá foireann thiomnaithe aige chun cabhrú leat.

Má tá tú lonnaithe san Aontas Eorpach, ba cheart duit sonraí do thairisceana a ullmhú trí úsáid a bhaint as an [tábla excel a chuirtear ar fáil](#) agus é a sheoladh chuig EU-BUSES-UKRAINE@ec.europa.eu.

Sa tábla, féach an táb *Mínithe* le haghaidh tuilleadh treorach.

Cuirfidh an Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha (ERCC) do thairiscint ar aghaidh chuig na húdaráis san Úcráin. Déanfaidh na húdaráis san Úcráin (sa chás seo an Aireacht Oideachais) an cinneadh deiridh cibé acu an féidir nó nach féidir leo glacadh leis an tairiscint.

2. Tá busanna le bronnadh agam. Cathain a thosófar á n-iompar?

Ar an gcéad dul síos, beidh ar dheontóirí sonraíochtaí teicniúla na mbusanna a thairgtear a chur ar fáil don Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha (ERCC) mar a thairiscítear i bpointe 1 thuas (EU-BUSES-UKRAINE@ec.europa.eu). Déanfaidh ERCC agus údaráis na hÚcráine athbhreithniú ar an tairiscint. Déanfaidh na húdaráis san Úcráin an cinneadh cibé acu an nglacfaidh nó nach nglacfaidh siad leis an tairiscint agus an cinneadh sin bunaithe ar shonraíochtaí na mbusanna a thairgtear.

Má ghlactar leis, tabharfaidh foireann ERCC tacaíocht duit i ndáil leis na céimeanna atá le glacadh, socruithe lóistíochta san áireamh.

3. Cén chaoi a bhfuil a fhios agam cá háit leis na busanna a sheoladh?

Cuirfidh an Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha (ERCC) an t-eolas sin ar fáil duit. Nuair a dhéanann tú an tairiscint go hoifigiúil, rachaidh ERCC i dteagmháil le húdaráis na hÚcráine. Má ghlacann an Úcráin le do thairiscint, dearbhóidh siad freisin an coinsíní (an duine oifigiúil a gheobhaidh an bus a bhronnfaidh tú) le ERCC.

4. Cad iad na cineálacha nósanna imeachta custaim a mbeidh orm déileáil leo?

Beidh an Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha (ERCC) sa Choimisiún Eorpach (EU-BUSES-UKRAINE@ec.europa.eu) in ann an t-eolas is gá a sholáthar duit agus tacú leat tríd an bpróiseas má ghlacann an Úcráin le do thairiscint. Tá córas éifeachtach i bhfeidhm. Tá Údaráis na hÚcráine ag obair go dlúth le ERCC ó mhí Feabhra 2022 agus tá tairiscint acu ar dheontais nua cabhrach ó Bhallstáit an Aontais a láimhseáil.

5. An bhfuil tacaíocht airgeadais ar fáil i ndáil leis an iompar chuig an Úcráin?

Maidir le busanna a bhronnfar, d'fhéadfaí na costais iompair a bhaineann lena n-iompar ón bpointe tionscnaimh san Aontas go dtí an Úcráin a chumhdach le buiséad an Aontais faoi [Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta](#) (UCPM). **Tabhair do d'aire nach féidir maoiniú a íoc ach le pointe fócasach náisiúnta UCPM i mBallstát den Aontas.** Chun go mbeidh an maoiniú sin infheidhme i dtaca leis an mbus a mbronnfaidh tú, ní mór do phointe fócasach náisiúnta UCPM i do thír féin teacht ar bord agus tacú le socruithe riaracháin agus lóistíochta an bhronnta. Tacóidh an Coimisiún Eorpach leis an bpróiseas más gá agus éascóidh sé teagmháil le d'údaráis náisiúnta ach is faoi phointe fócasach náisiúnta UCPM a bheidh sé i gcónaí tacú le do bronnadh, rud atá ag brath ar a n-infhaighteacht féin.

Féadfaidh an pointe fócasach náisiúnta UCPM busanna a bhronnfar ón earnáil phríobháideach a éascú freisin. Baineadh úsáid as an gcóras seo in earnálacha éagsúla eile chun tacaíocht a thabhairt don Úcráin agus tá sé cruthaithe go n-éiríonn go maith leis.

Tá mol lóistíochta de chuid an Aontais sa Pholainn cheana féin, ar mol é a bunaíodh in éineacht leis an Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha (ERCC) faoi Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta (UCPM). Is féidir mol lóistíochta sin a úsáid chun aistriú busanna chuig an Úcráin a éascú de bhóthar nó d'iarnród agus chun maoiniú 100% ó UCPM a cheadú. Ní féidir le UCPM costas na mbusanna a mhaoiniú. Is gá iad a bhronnadh pro bono. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach féidir ach costais iompair a aisíoc go díreach leis an údarás náisiúnta um Chosaint Shibhialta ó bhuiséad an Aontais. Ní féidir leis an gcuideachta phríobháideach ná an t-eintiteas poiblí a bhfuil bus á dheonú aige iarratas a dhéanamh chun aisíocaíocht a fháil ar chostais iompair ón gCoimisiún Eorpach.

6. Cad iad sonraíochtaí na mbusanna?

Meastar gur mótarfheithicil mhór é bus atá deartha go príomha chun paisinéirí a iompar. Caithfidh sé a bheith go hiomlán agus láithreach in ann tiomáint le mótar gníomhach agus ní féidir leis a bheith caite, caite i leataobh nó tréigthe ar aon bhealach agus ní féidir obair a bheith ar siúl air faoi láthair. D'fhéadfadh sé a bheith nua nó athlámhe ach ní mór é a sheiceáil go teicniúil, ní mór dó a bheith sábháilte agus ní mór é a mheas a bheith feidhmiúil lena úsáid sula mbronnar é. Ní mór an fheithicil a bheith monaraithe le tiomáint ar thaobh na lámhe deise den bhóthar, mar sin caithfidh an roth stiúrtha a bheith ar thaobh na lámhe clé.

Ba cheart do dhaoine ar spéis leo bus a bhronnadh sonraí na tairisceana a ullmhú trí úsáid a bhaint as an [tábla excel a chuirtear ar fáil](#) agus é a sheoladh chuig EU-BUSES-UKRAINE@ec.europa.eu.

7. Cé a dhéanfaidh cinnte de go sroichfidh na busanna a mbronnfaidh mé iad siúd atá i ngátar?

Is cinneadh feasach é busanna a bhronnadh ar an Úcráin tríd an bhfeachtas seo de chuid an Aontais. Tá an [Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha](#) (ERCC) sa Choimisiún Eorpach ag obair go dlúth le húdaráis na hÚcráine ó mhí Feabhra 2022 chun cabhair a bhfuil géarghá léi a chur ar fáil. Tríd an gcineál sin tairisceana a éascú trí ERCC, cuirtear bealach éifeachtach comhordaithe iontaofa ar fáil don té a bhronnfar bus. Glacann an institiúid rialtais faoi seach le bus atá le bronnadh (sa chás seo, an Aireacht Oideachais), agus soláthraíonn sí faisnéis an choinsíní (an té a gheobhaidh an bus). Ar an gcaoi sin, féadfaidh údaráis na hÚcráine a chinntiú go bhfaighfear bus agus go n-úsáidfear é.

Teastaíonn busanna chun a chinntiú go n-íomprófar leanaí ar fud na tíre ón scoil go sábháilte agus chun aslonnú pras a eagrú nuair is gá. Tá idir bhunscoileanna agus mheánscoileanna sa spriocghrúpa.

8. An gcuirfear ainm mo chuideachta/m'eintitis phoiblí in iúl? An féidir liom é a phostáil ar na meáin shóisialta?

Go deimhin, moltar do dheontóirí a ról agus an bronnadh a fhógairt. Cuirfidh an Coimisiún Eorpach in iúl freisin ar a chainéil meán sóisialta faoin bhfeachtas.

9. Tá roinnt busanna agam a d'fhéadfaí a dheisiú agus a bhronnadh ar an Úcráin. An féidir liom tacaíocht a fháil?

Aon bhus a bhronntar, is ceart dea-bhail a bheith air. Ní mór é a sheiceáil go teicniúil, ní mór dó a bheith sábháilte agus ní mór é a mheas a bheith feidhmiúil lena úsáid sula mbronntar é.

Ba cheart do dhaoine ar spéis leo bus a bhronnadh sonraí na tairisceana a ullmhú trí úsáid a bhaint as an [tábla excel a chuirtear ar fáil](#) agus é a sheoladh chuig EU-BUSES-UKRAINE@ec.europa.eu.

10. Cathain ba chóir na busanna a bheith réidh le seachadadh?

Tá an feachtas sonrath seo ag éileamh go mbronntaí an oiread busanna agus is féidir sa chéad ráithe de 2023. Mar sin féin, mura féidir leat an sprioc sin a chomhlíonadh, cuirfear fáilte go fóill roimh bhusanna a bhronnadh a fhad agus a bhfuil an gá ann.

11. Má bhíonn ceisteanna agam, cén pointe teagmhála atá agam?

Tá foireann thiomnaithe ag an [Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha](#) (ERCC) sa Choimisiún Eorpach chun cabhrú leat. Féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh linn ag EU-BUSES-UKRAINE@ec.europa.eu.

